**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**B9-0331/2022 }**
**B9-0332/2022 }**
**B9-0334/2022 }**
**B9-0335/2022 }**
**B9-0336/2022 } RC1**

22.6.2022

# COMHTHAIRISCINT I gCOMHAIR RÚIN

de bhun Riail 132(2) agus (4) de na Rialacha Nós Imeachta

ag ionadú na rún seo a leanas:
B9-0331/2022 (Renew)
B9-0332/2022 (Verts/ALE)
B9-0334/2022 (PPE)
B9-0335/2022 (S&D)
B9-0336/2022 (ECR)

maidir leis an stádas mar iarrthóir don Úcráin, do Phoblacht na Moldóive agus don tSeoirsia
(2022/2716(RSP))

**Manfred Weber, Michael Gahler, Andrzej Halicki, Miriam Lexmann, Rasa Juknevičienė, David McAllister, Željana Zovko, Siegfried Mureşan, Paulo Rangel, Andrius Kubilius, Jerzy Buzek, Traian Băsescu, Vladimír Bilčík, Vasile Blaga, Ioan-Rareş Bogdan, Daniel Buda, Cristian-Silviu Buşoi, Gheorghe Falcă, Tomasz Frankowski, Sunčana Glavak, Mircea-Gheorghe Hava, Sandra Kalniete, Arba Kokalari, Andrey Kovatchev, David Lega, Antonio López-Istúriz White, Elżbieta Katarzyna**

**Łukacijewska, Aušra Maldeikienė, Lukas Mandl, Marian-Jean Marinescu, Liudas Mažylis, Dan-Ştefan Motreanu, Gheorghe-Vlad Nistor, Janina Ochojska, Radosław Sikorski, Michaela Šojdrová, Eugen Tomac, Inese Vaidere, Loránt Vincze, Iuliu Winkler, Isabel Wiseler-Lima, Alexander Alexandrov Yordanov, Milan Zver**
thar ceann an Ghrúpa PPE
**Pedro Marques, Sven Mikser, Włodzimierz Cimoszewicz, Juozas Olekas, Victor Negrescu, Tonino Picula**
thar ceann an Ghrúpa S&D
**Petras Auštrevičius, Dragoş Tudorache, José Ramón Bauzá Díaz, Dita Charanzová, Vlad Gheorghe, Bernard Guetta, Nathalie Loiseau, Urmas Paet, Frédérique Ries, Michal Šimečka, Ramona Strugariu**
thar ceann an Ghrúpa Renew
**Viola Von Cramon-Taubadel**
thar ceann Ghrúpa Verts/ALE
**Raffaele Fitto, Anna Fotyga, Witold Jan Waszczykowski, Bogdan Rzońca, Elżbieta Rafalska, Ryszard Czarnecki, Jadwiga Wiśniewska, Valdemar Tomaševski, Alexandr Vondra, Veronika Vrecionová, Adam Bielan, Joanna Kopcińska, Beata Szydło, Assita Kanko, Tomasz Piotr Poręba, Patryk Jaki, Zbigniew Kuźmiuk, Zdzisław Krasnodębski, Eugen Jurzyca, Elżbieta Kruk**
thar ceann an Ghrúpa ECR
**Fabio Massimo Castaldo**

**Rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir leis an stádas mar iarrthóir don Úcráin, do Phoblacht na Moldóive agus don tSeoirsia**
**(2022/2716(RSP))**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint do na rúin uaithi roimhe seo maidir le stádas mar iarrthóir don Úcráin, do Phoblacht na Moldóive agus don tSeoirsia,

– ag féachaint d'Airteagal 49 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE),

– ag féachaint do na hiarratais ar bhallraíocht AE a rinne an Úcráin, Poblacht na Moldóive agus an tSeoirsia,

– ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle Eorpach an 30 Bealtaine 2022 maidir leis an Úcráin,

– ag féachaint do Dhearbhú Versailles an 10 agus 11 Márta 2022,

– ag féachaint do na tuairimí ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2022 maidir le hiarratais ar bhallraíocht AE a thíolaic an Úcráin (COM(2022)0407), Poblacht na Moldóive (COM(2022)0406) agus an tSeoirsia (COM(2022)0405),

– ag féachaint don ráiteas comhpháirteach ó cheannairí na nGrúpaí Polaitiúla chuig na Ceannairí Stáit agus Rialtais i bhfianaise chruinniú na Comhairle Eorpaí an 23 agus 24 Meitheamh 2022,

– ag féachaint do Riail 132(2) agus (4) dá Rialacha Nós Imeachta,

A. de bhrí go bhfuil cogadh ionsaithe gan chúis, gan údar, neamhdhleathach á dhéanamh ag Cónaidhm na Rúise i gcoinne na hÚcráine ón 24 Feabhra 2022 i leith; de bhrí go ndearna an Úcráin iarratas ar aontachas leis an Aontas Eorpach an 28 Feabhra 2022, agus go ndearna Poblacht na Moldóive agus an tSeoirsia amhlaidh an 3 Márta 2022;

B. de bhrí go dtagann na hiarratais i gcomhthéacs ionsaí míleata na Rúise i gcoinne na hÚcráine, atá ar bun ar scála nach bhfacthas riamh roimhe i stair Eorpach na linne seo agus go bhfuil coireanna cogaidh á ndéanamh arb ionann iad agus cinedhíothú i gcoinne phobal na hÚcráine, chomh maith le forghabháil leanúnach codanna de chríocha na Seoirsia agus na Moldóive; de bhrí go bhfuil an Úcráin ag cosaint ord slándála agus prionsabail na hEorpa ar ar tógadh í amhail Ionstraim Chríochnaitheach Heilsincí agus Cairt Pháras d'Eoraip Nua;

C. de bhrí, de réir Airteagal 49 CAE, go 'bhféadfaidh aon Stát Eorpach a urramaíonn na luachanna dá dtagraítear in Airteagal 2 agus atá tiomanta iad a chur chun cinn go comhpháirteach iarratas a dhéanamh ar bhallraíocht leis an Aontas';

D. de bhrí nach bhfuil aon 'mhear-rian' ann i dtaca le ballraíocht AE agus le haontachas, agus de bhrí gur próiseas é atá bunaithe ar fhiúntas agus atá struchtúrtha agus a éilíonn

go gcomhlíonfar critéir bhallraíochta AE agus atá ag brath ar chur chun feidhme éifeachtach na n-athchóirithe agus ar thrasuí an *acquis*;

E. de bhrí gur iarr an Chomhairle, go heisceachtúil, go ndéanfadh an Coimisiún a thuairimí faoi iarratais bhallraíochta AE ón Úcráin, ó Phoblacht na Moldóive agus ón tSeoirsia a thíolacadh;

F. de bhrí gur luadh i nDearbhú Versailles an 10 agus an 11 Márta 2022 gur admhaigh an Chomhairle Eorpach go raibh uaillmhianta Eorpacha agus rogha Eorpach na hÚcráine á n-aithint aici;

G. de bhrí go bhfuil tacaíocht bhuanseasmhach curtha in iúl go comhsheasmhach ag muintir na hÚcráine, Phoblacht na Moldóive agus na Seoirsia do threochúrsa Eorpach a dtíortha, lena nglactar prionsabail agus luachanna Eorpacha; de bhrí go gcuireann tromlach mhuintir na Bealarúise atá i gcoinne réimeas Lukashenko – réimeas a bhfuil tacaíocht na Rúise aige – in iúl go bhfuil uaillmhianta den chineál céanna acu a bheith ag maireachtáil i dtír shaor, cheannasach agus dhaonlathach;

H. de bhrí gur léirigh forbairtí san am atá thart go mbaineann costas mór straitéiseach leis an neamh-mhéadú agus gur féidir leis an bonn a bhaint ón tslándáil agus ón gcobhsaíocht ar an mór-roinn seo againne;

I. de bhrí go bhfuil caidreamh AE leis an Úcráin, le Poblacht na Moldóive agus leis an tSeoirsia bunaithe ar chomhaontuithe comhlachais uaillmhianacha agus ar limistéir dhoimhne chuimsitheacha shaorthrádála (CC/DCFTAanna), lena gcruthaítear timpeallacht fhabhrach don chomhlachas polaitiúil, don chomhfhogasú reachtach agus don chomhtháthú eacnamaíoch, ar gnéithe ríthábhachtacha iad de phróiseas aontachais amach anseo; de bhrí nach mór cur chun feidhme iomlán an CC/DCFTAanna a bhaint amach go fóill;

J. de bhrí gur thíolaic an Úcráin, Poblacht na Moldóive agus an tSeoirsia an dá cheistneoir aontachais AE go mion minic, rud a léiríonn ní hamháin a dtiomantas mór do luachanna AE, ach freisin a sárchumas na cuspóirí sin a bhaint amach;

K. de bhrí gur fhoilsigh an Coimisiún tuairimí an 17 Meitheamh 2022 maidir leis na trí iarratas, inar moladh go ndéanfadh an Chomhairle dearcthaí na hÚcráine, Phoblacht na Moldóive agus na Seoirsia maidir le bheith ina mBallstáit den Aontas Eorpach a dheimhniú;

L. de bhrí gur mhol an Coimisiún, ina thuairimí, stádas mar iarrthóir a thabhairt don Úcráin agus do Phoblacht na Moldóive ar an tuiscint go ndéanfaí bearta áirithe athchóirithe, amhail i réimsí an smachta reachta agus an chomhraic i gcoinne na héillitheachta; de bhrí gur mhol an Coimisiún, i gcás na Seoirsia, an stádas mar iarrthóir a thabhairt a luaithe a thugtar aghaidh ar na tosaíochtaí a sonraíodh;

M. de bhrí go mbeadh sé ina theachtaireacht láidir dóchais agus dlúthpháirtíochta do shaoránaigh na dtrí thír stádas mar iarrthóir a dheonú agus go léireodh sé go bhfuil an tAontas Eorpach meáite ar aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá ann faoi láthair agus ar

an bhfís a bheidh ann amach anseo a chomhlíonadh;

1. á chur in iúl gur geal léi iarratais bhallraíochta na hÚcráine, Phoblacht na Moldóive agus na Seoirsia mar léiriú ar uaillmhianta Eorpacha na ndaoine agus ar a mian maireachtáil go síochánta agus go sábháilte i dtíortha saora, daonlathacha agus rathúla a bhfuil caidreamh maith comharsanachta acu le tíortha uile na hEorpa agus a ghlacann le comhar níos dlúithe le Ballstáit AE;

2. á chur in iúl gur geal léi moltaí foirmiúla an Choimisiúin stádas mar iarrthóir AE a bhronnadh ar an Úcráin agus ar Phoblacht na Moldóive agus peirspictíocht Eorpach a bhronnadh ar an tSeoirsia;

3. á iarraidh ar na Ceannairí Stáit agus Rialtais a thiocfaidh le chéile mar Chomhairle Eorpach an 23 agus an 24 Meitheamh stádas mar iarrthóir AE a thabhairt don Úcráin agus do Phoblacht na Moldóive gan mhoill, agus an stádas céanna a thabhairt don tSeoirsia a luaithe a bheidh na tosaíochtaí sonraithe sa tuairim ón gCoimisiún comhlíonta ag a rialtas; á chur i bhfios go láidir go gcaithfidh na Ceannairí Stáit agus Rialtais a bhfreagracht stairiúil a chomhlíonadh agus go gcaithfidh siad comharthaí soiléire polaitiúla a thabhairt;

4. á chur i bhfios go láidir go mbeidh stádas mar iarrthóir á thabhairt ag an Aontas Eorpach chun ceannaireacht, diongbháilteacht agus fís a léiriú i gcomhthéacs chogadh brúidiúil ionsaitheach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus in iarracht ar an timpeallacht gheopholaitiúil a athshainiú agus á chur in iúl gur mian léi teachtaireacht pholaitiúil shoiléir a fhógairt gur i gcás na dtíortha sin i gceist, tá roghnaithe acu conair Eorpach ar bhealach do-athraithe, ar ghlac a gcomhpháirtithe Eorpacha léi, agus nár cheart a bheith faoi réir cur isteach ó aon tríú páirtí; á mheabhrú di nach mór don Aontas leanúint de bheith ina chomhpháirtí iontaofa agus ina ghníomhaí geopholaitiúil inchreidte a mbeidh a phrionsabail agus a luachanna féin á saothrú aige, trí dhlúthpháirtíocht a léiriú leo siúd a sheasfaidh do na hidéil chéanna;

5. á iarraidh ar na Ballstáit brú a chur ar an toil pholaitiúil próiseas an mhéadaithe a athneartú agus na gealltanais a thug siad a chomhlíonadh le céimeanna dearfacha nithiúla i bpróisis aontachais na dtíortha sin atá ag iarraidh teacht isteach san Aontas agus ar cheart dóibh a bheith mar chuid de theaghlach na hEorpa; ag tathant, dá bhrí sin, go ndéanfaí, ag cruinniú Chinn Stáit agus Rialtais an Aontais an 23 agus an 24 Meitheamh, próiseas méadaithe na mBalcán Thiar a cheadú, rud atá blocáilte faoi láthair;

6. á mheabhrú, chun creidiúnacht phróiseas méadaithe an Aontais a choinneáil agus a chumhacht claochlaitheach a scaoileadh, nach mór an gealltanas seanbhunaithe i leith thíortha na mBalcán Thiar a choinneáil agus nach mór go gcloífear lena ndul chun cinn ar rian comhthreomhar le tuilleadh fuinniúlachta agus ar bhonn tuillteanais, ailíniú polaitiúil, dlúthpháirtíocht i gcúrsaí idirnáisiúnta agus gealltanais chomhaontaithe;

7. á chur i bhfios go láidir nach mór aontachas le AE a bheith ann i gcomhréir le hAirteagal 49 CAE, bunaithe ar na nósanna imeachta ábhartha a urramú agus ar choinníoll go gcomhlíonfar na critéir atá leagtha síos, go háirithe critéir Chóbanhávan

maidir le ballraíocht AE, agus gur próiseas é atá bunaithe ar fhiúntas lena gceanglaítear athchóirithe ábhartha a ghlacadh agus a chur chun feidhme, go háirithe i réimsí an daonlathais, an smachta reachta, chearta an duine, gheilleagar an mhargaidh agus chur chun feidhme *acquis* AE;

8. á iarraidh ar údaráis na hÚcráine, ar Phoblacht na Moldóive agus ar an tSeoirsia a dtiomantas polaitiúil a léiriú gan athbhrí maidir le huaillmhianta Eorpacha a bpobal a chur chun feidhme trí fheabhas suntasach a chur ar an dul chun cinn a dhéantar le hathchóirithe substaintiúla chun na critéir do bhallraíocht AE a chomhlíonadh go héifeachtach a luaithe is féidir;

9. á chur i bhfáth gur gá leas a bhaint as taithí na hÚcráine, Phoblacht na Moldóive agus na Seoirsia le cur chun feidhme CC/CDCS faoi seach mar bhonn don phróiseas aontachais atá ar na bacáin, agus ar an gcaoi sin ligean do na trí thír lánpháirtiú de réir a chéile laistigh de mhargadh aonair AE agus feabhas a chur ar an gcomhar earnálach; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit struchtúir inmheánacha a ullmhú agus acmhainní breise a sholáthar, chomh maith le tuilleadh cúnamh teicniúil agus tacaíocht pholaitiúil;

10. ag aithint gur thacaigh muintir na hÚcráine, na Moldóive agus na Seoirsia i gcónaí le treoshuíomh ar son na hEorpa ina dtíortha agus gur cheart dóibh maireachtáil i dtíortha saora, daonlathacha agus rathúla, atá bródúil agus tiomanta do bhaill de theaghlach na hEorpa; á mheas gur féidir leis an gComhairle Eorpach atá le teacht an chéad chéim thábhachtach a ghlacadh chun mianta dlisteanacha mhuintir na dtrí thír a chomhlíonadh;

11. ag athdhearbhú thiomantas an Aontais do cheannasacht, do shláine críche agus do neamhspleáchas polaitiúil na hÚcráine, Phoblacht na Moldóive agus na Seoirsia laistigh dá dteorainneacha a aithnítear go hidirnáisiúnta, agus ag tacú lena n-iarrachtaí na prionsabail sin a fhorfheidhmiú go hiomlán; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá aontacht agus dlúthpháirtíocht na mBallstát ina leith sin;

12. á iarraidh ar an gCoimisiún, ar na Ballstáit agus ar Leas-Uachtarán an Choimisiúin/Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála beartas Chomhpháirtíocht an Oirthir a thabhairt cothrom le dáta chun go mbeidh sé ina ionstraim chlaochlaitheach fhónta i gcomhthéacs reatha chogadh ionsaitheach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, ar ionstraim í lena gcuirtear slándáil thíortha comharsanachta na hÚcráine i mbaol agus lena ndéanfar difear do chobhsaíocht sa réigiún ina iomláine; ag athdhearbhú go bhfuil gá le comhar réigiúnach idir tíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir;

13. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an gComhairle idirphlé polaitiúil feabhsaithe agus struchtúrtha a bhunú le tíortha is iarrthóirí agus le tíortha is iarrthóirí ionchasacha chun tuilleadh comhtháthú eacnamaíoch agus comhchuibhiú reachtach a chur chun cinn mar aon le cuimsiú de réir a chéile, i gcás inarb iomchuí, in obair agus in imeachtaí institiúidí AE;

14. á iarraidh an athuair ar institiúidí an Aontais dlús a chur leis na céimeanna is gá chun cinnteoireacht an Aontais a dhéanamh níos éifeachtúla;

15. ag athdhearbhú go bhfuil sí tiomanta don mhéadú, nach bhfuil aon rogha eile ann ina leith agus atá níos mó ná riamh ina hinfheistíocht gheostraitéiseach in Eoraip chobhsaí, láidir agus aontaithe; á chreidiúint go láidir go bhfuil ionchas ballraíochta iomláine in AE do na tíortha atá ag iarraidh a bheith ina mBallstáit den Aontas ina leasanna polaitiúla, eacnamaíocha agus slándála féin ag an Aontas;

16. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig Leas-Uachtarán an Choimisiúin/Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát, agus chuig Uachtaráin, Rialtais agus Parlaimintí na hÚcráine, chuig Poblacht na Moldóive, chuig an tSeoirsia agus chuig tíortha na mBalcán Thiar.